



An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Scéim Teanga

2015 - 2018

**Faoi Alt 15
d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003**

Clár Ábhar

Caibidil 1 – Réamhrá agus Cúlra

- 1.1 Réamhrá
- 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime
- 1.3 Dáta Tosaigh na Scéime

Caibidil 2 – Forbhreathnú ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

- 2.1 Ráiteas Misin na Roinne
- 2.2 Príomhfheidhmeanna na Roinne
- 2.3 Príomhsheirbhísí na Roinne
- 2.4 Custaiméirí agus Cliaint na Roinne

Caibidil 3 – Sonraí faoi Sheirbhísí a sholáthraítear i mBéarla Amháin nó go Dátheangach faoi láthair

- 3.1 Réamhrá
- 3.2 Príomhghníomhaíochtaí na Roinne – trí Bhéarla go Príomha
- 3.3 Seirbhísí na Roinne trí Ghaeilge

Caibidil 4 – Feabhas a chur ar Sheirbhísí Gaeilge a Sholáthar

- 4.1 Réamhrá
- 4.2 Plean na Roinne chun Feabhas a chur ar Sheirbhísí Gaeilge

Caibidil 5 – Feabhas a chur ar Chumas Teanga

- 5.1 Earcaíocht
- 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Caibidil 6 – Monatóireacht agus Athbhreithniú

- 6.1 Feabhas a chur ar Shocruithe Monatóireachta

Caibidil 7 – An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ("an tAcht") do scéim teanga a ullmhú ag comhlachtaí poiblí ina sonraítear na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

mar aon leis na bearta a nglacfar leo lena chinntiú go soláthrófar laistigh d'amfhráma comhaontaithe aon seirbhís trí mheán na Gaeilge nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair.

I gcomhréir le halt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go ndeimhníonn an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta scéim nua, pé tráth is déanaí.

Seo an dara Scéim Teanga a d'ullmhaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ullmhaíodh an scéim seo de bhun Alt 15 den Acht. Bainfidh an scéim leasaithe seo, faoi mar a rinne ár mbunscéim, go príomha leis na seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn don phobal i gcoitinne, ach go háirithe.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Fad a bhí an scéim seo á hullmhú, tugadh an aird cheart ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Anuas air sin, tugadh an deis do pháirtithe leasmhara chun cur le hullmhú na scéime trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus thug an Roinn aird ar mholtaí a fuarthas tríd an bpróiseas sin nuair a bhí an scéim seo á cur i dtoll a chéile.

Tá an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta treoraithe ag an bprionsabal gur cheart seirbhísí Gaeilge a sholáthar a bheith bunaithe ar an méid a leanas

- an bunleibhéal éilimh ar sheirbhísí sonracha i nGaeilge;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir leis na seirbhísí siúd; agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna, agus cumas na Roinne chun an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Cuireann an scéim seo le prionsabail na Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus lenár gCairt Chustaiméirí. Cuireadh an scéim i dtoll a chéile agus é mar aidhm a chinntiú go rachfar i ngleic go hiomlán le gach dualgas ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a leagtar ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar bhonn céimnitheach, tríd an scéim seo agus scéimeanna amach anseo.

Dearbhaítear an Scéim seo trí gach gealltanas in aon scéim roimhe seo a chur i bhfeidhm. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm gealltanais i scéimeanna roimhe seo go hiomlán go dtí seo, bhí an tsaincheist seo á plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Aithnítear agus táthar buíoch as an am agus an iarracht a chaith gach duine a bhí páirteach sa phróiseas seo.

1.3 Dáta Tosaigh na Scéime

Dheimhnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim seo an **28 Meán Fómhair 2015**. Cuirtear tús leis an scéim seo le héifeacht ón dáta seo agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go ndeimhnítear scéim nua, pé dáta is déanaí.

Caibidil 2 Forbhreathnú ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

2.1 Ráiteas Misin na Roinne

Is é Ráiteas Misin na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta (faoi mar a chuimsítear i Ráiteas Straitéise na Roinne 2011-2014)

‘Tacú le poist mhaithe a chruthú trí thimpeallacht ghnó iomaíoch a fhorbairt, timpeallacht a mbeidh fiontair ar ardchaighdeán ag feidhmiú inti agus timpeallacht a thacóidh le fás fiontar i margaí inbhuanaithe.’

2.2 Príomhfheidhmeanna na Roinne

Roinn forbartha beartais, den chuid is mó, atá sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá ról lárnach ag an Roinn chun beartas Rialtais a chur i dtoll a chéile, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i limistéir fhorbairt na fiontraíochta, na hiomaíochta, na heolaíochta, na teicneolaíochta, na nuálaíochta, na maoine intleachtúla, na trádála, bheartas tomhaltóirí, bheartas iomaíochta, rialáil tráchtála, chosaint cearta fostaíochta mar aon le caidreamh tionsclaíoch cobhsaí a chur chun cinn agus comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an bheirt Airí Stáit sa Roinn agus an Rialtas sna limistéir seo.

Tá an Roinn eagraithe faoi láthair i 6 Rannóg fheidhmiúla, a léiríonn go hachomair fairsinge a sainchúraim reachtúil. Is iad na Rannóga seo:

- 1. An Rannóg Gnóthaí Saothair**
- 2. An Rannóg Tráchtála, Tomhaltóirí agus Iomaíochta**
- 3. An Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta**
- 4. An Rannóg Iomaíochais agus Post**
- 5. An Rannóg Beartais Straitéisigh**
- 6. An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Gnóthaí AE agus Beartas Trádála**

Tugann na 6 Rannóg seo faoi obair na Roinne. Is é príomhdhíriú na Roinne ná beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thagann faoi chuimsiú shainchúram díreach na Roinne, mar aon le tacú le beartais ar fud an Rialtais agus an Gheilleagair a thacaíonn le misean na Roinne chun fostaíocht a chruthú agus chun oibrithe agus iomaíochas a chosaint. Eascraíonn na beartais, straitéisí agus tionscnaimh a lorgaíonn an Roinn a chur i bhfeidhm go príomha ó Chlár an Rialtais, an Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, 2014-2016, Comhaontú Bhóthar Haddington agus, dar ndóigh, teorú laethúil an Aire agus an Rialtais.

Nuair a chuirtear san áireamh cineál fhreagrachtaí, fheidhmeanna agus róil na Roinne, ní sholáthraíonn na 6 Rannóg seirbhísí go heisiach do mhuintir an phobail, go príomha. Ina ionad sin, soláthraíonn siad seirbhísí go díreach don Aire, agus don bheirt Airí Stáit, don Rialtas, don Oireachtas, do Ranna Rialtais

eile, don AE agus do Chomhlachtaí Idirnáisiúnta etc. Anuas air sin, déanann an Roinn comhairliúchán seasta le réimse fairsing páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, na hionadaithe gnó agus earnála, ceardchumann, fóraim agus institiúidí taighde, etc. Ní hé idirghníomhú díreach le muintir an phobail i gcoitinne an ghné is mó de ghníomhaíochtaí na Roinne. I measc na nAonad a mbíonn baint acu, go pointe áirithe, le seirbhísí a sholáthar do díreach do mhuintir an phobail, tá an tAonad um Shaoráil Faisnéise sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus i Rannóg Gnóthaí an AE agus san Aonad Ceadanna Fostaíochta sa Rannóg Gnóthaí Saothair.

Feidhm thábhachtach eile den Roinn is ea idirchaidreamh a dhéanamh le 9 nOifig Reachtúla na Roinne (an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Oifig na bPaitinní, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an Chúirt Oibreachais, an Binse Achomhairc Fostaíochta, an Binse Comhionannais agus an tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta) agus leis an iomaí Gníomhaireacht Stáit a bhaineann leis an Roinn (Fiontraíocht Éireann; an tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA); Idirthrachtáil Éireann; an tÚdarás Iomaíochta; an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí; an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann; an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta; an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta; agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann). I gcomhthéacs na bhfreagrachtaí a leagtar ar an Roinn, tugann na hOifigí Reachtúla agus na Gníomhaireachtaí Stáit seo faoin idirghníomhú príomhúil le muintir an phobail thar ceann na Roinne. I measc an réimse seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn do chustaiméirí aonair tríd an struchtúr tiomnaithe d'Oifigí Reachtúla agus de Gníomhaireachtaí Stáit, tá breithiúnas a thabhairt ar chearta fostaíochta, paitinní agus trádhaire a chlárú, clárú agus comhdú cuideachtaí, sláinte agus sábháilteacht cheirde, saincheistanna tomhaltóirí. Nuair a chuirtear san áireamh an t-ardleibhéal d'idirchaidreamh díreach a dhéanann Oifigí na Roinne le muintir an phobail, tá a gCairteacha Custaiméirí, a bPleananna Gníomhaíochta Custaiméirí agus a Scéimeanna Teanga féin arna bhforbairt ag go leor de na hOifigí, sa chás gur cuí.

2.3 Príomhsheirbhísí na Roinne

Sa chás go n-idirghníomhaíonn an Roinn leis an bpobal, tugtar faoin idirghníomhú sin, den chuid is mó, trí chomhfhreagras, caint leo ar an nguthán, cuairteanna a thugtar ar an láithreán gréasáin agus cumarsáid a dhéanamh leo ar ríomhphoist agus nuair a thugann daoine cuairt orainn tar éis gur socraíodh coinne dóibh. Cinntíonn éagsúlacht na modhanna cumarsáide leis an Roinn ilúsáidteacht agus solúbthacht dár gcustaiméirí agus go gcuirtear an tseirbhís ar fáil dóibh a dteastaíonn uathu ar an mbealach is oiriúnaí is féidir.

Ina theannta sin, seirbhís ríthábhachtach faisnéise atá i láithreán gréasáin na Roinne (www.djei.ie) do chustaiméirí, a sholáthraíonn sonraí faoi chritéir incháilitheachta do scéimeanna, foirmeacha iarratais, nótaí teorach agus sonraí faoi scéimeanna, seirbhísí, etc. Ó ullmhaíodh an scéim dheireanach, sheol an Roinn láithreán gréasáin nua, www.enterprise.gov.ie ar a bhfuil an t-ábhar cuí i nGaeilge. Tá tionscadal ar bun faoi láthair chun láithreán gréasáin úrnua a fhorbairt ar a gcuimseofar an dá láithreán gréasáin thuas ar bhealach nuálach.

Tá an tionscadal seo á chur chun cinn ar an mbonn go mbeidh an t-ábhar ar an leathanach baile a dhéanann cur síos ar struchtúr na Roinne, a limistéir bheartais agus obair a nGníomhaireachtaí ar fáil i nGaeilge.

2.4 Custaiméirí agus Cliaint na Roinne

Tá i measc chustaiméirí na Roinne, ar an ábhar sin, catagóirí iomadúla níos fairsinge daoine ná muintir an phobail. Faoi mar a luaitear thuas, áfach, déanann limistéir áirithe na Roinne idirghníomhú suntasach leis an bpobal agus i measc na limistéar seo, tá an méid a leanas:

An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Gnóthaí AE agus Beartas Trádála

Teileafónaithe na Roinne

An Fhoireann Fáiltithe ag príomhfhoirgnimh na Roinne (Sráid Chill Dara, Teach Davitt agus Ionad Phort an Iarla)

An tAonad um Shaoráil Faisnéise

An Rannóg Gnóthaí Saothair

An tAonad Ceadanna Fostaíochta

Baineann an scéim a dtugtar cuntas uirthi sa chuid eile den cháipéis seo go príomha le limistéir thuas na Roinne mar gheall ar a leibhéal sách ard d'idirghníomhú le muintir an phobail.

Caibidil 3 Sonraí faoi Sheirbhísí a sholáthraítear i mBéarla Amháin nó go Dátheangach

3.1 Réamhrá

Ar cheann de phríomhchuspóirí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta is ea seirbhís éifeachtúil, ardchaighdeán a sholáthar dá gcustaiméirí ar aon dul leis na caighdeáin agus na spriocanna a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Custaiméirí agus i gCairt Chustaiméirí na Roinne. Tugtar gealltanais sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí chun custaiméir a éascú ar mian leis/léi tabhairt faoina c(h)uid gnó trí Ghaeilge ar na bealaí a leanas:

- Freagra a thabhairt i nGaeilge ar gach comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge;
- Príomhcháipéisí na Roinne a fhoilsiú i gcomhthráth i nGaeilge agus i mBéarla.

Leanann an Roinn bheith tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge agus aird ar an éileamh atá ar sheirbhísí i nGaeilge, agus ar scileanna Gaeilge agus inniúlachtaí oifigeach. Tugtar faoi deara gur náisiúnaigh iasachta iad go leor de chustaiméirí an phobail i gcoitinne de chuid na Roinne, go háirithe i limistéir na gCeadanna Fostaíochta, agus nárbh fhearr leis na custaiméirí siúd cumarsáid a dhéanamh leis an Roinn trí Ghaeilge.

3.2 Seirbhísí na Roinne trí Ghaeilge

Soláthraíonn an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a gcuid seirbhísí dá bpríomhpháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne trí mheán an Bhéarla go príomha.

Dá ainneoin, tá an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta feasach ar na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí chun freastal ar a gcustaiméirí, a bhféadfadh gur mian leo tabhairt faoina ngnó tríd an nGaeilge agus fáil a bheith acu ar na seirbhísí a sholáthraítear dóibh tríd an nGaeilge, agus sholáthair an Roinn, dá réir, na seirbhísí a leanas dá gcustaiméirí trí mheán na Gaeilge le blianta beaga anuas:

- Liostaíonn an Roinn a bpríomhsheirbhísí i nGaeilge agus i mBéarla in eolaí gutháin Eircom gach bliain i mír an Eolaí Stáit;
- Tá na cártaí oifigiúla aitheantais d'fhoireann na Roinne i nGaeilge den chuid is mó;
- Freagraíonn an Roinn i nGaeilge ar chomhfhreagras (idir thraidisiúnta agus leictreonach) a fhaightear i nGaeilge i gcomhréir le forálacha Alt 9(2) den Acht;
- Cuireadh an oiliúint chuí ar fáil don fhoireann ar mian leo feabhas a chur ar a scileanna Gaeilge agus a chomhaontaigh chun na scileanna seo a

chur ar fáil don Roinn lena cur ar a cumas freastal ar a riachtanais ghnó trí Ghaeilge;

- Foilsíonn an Roinn roinnt príomhcháipéisí go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla araon i gcomhréir le forálacha Alt 10 den Acht, lena n-áirítear:
 - Tuarascálacha Bliantúla
 - Ráitis Straitéise
 - Cuntais Iniúchta nó Ráitis Airgeadais Bhliantúla
 - Mórcháipéisí beartais (Páipéir Ghlasa/Bhána)
 - Cáipéisí ina leagtar amach tograí beartais phoiblí
- Foilsíonn an Roinn Achtanna an Oireachtais i nGaeilge agus i mBéarla go comhuaineach trí Oifig Foilseachán an Rialtais;
- Nuair a thugtar freagra ar gach ríomhphost a fhaightear in Aonad Seirbhíse do Chustaiméirí na Roinne, cuimsítear sa fhreagra sonraí dátheangacha i dtaobh shonraí teagmhála agus sheoladh na Roinne etc;
- Tá na buntásca slándála ar gach ríomhphost a eisiúnn an Roinn i nGaeilge agus i mBéarla araon;
- Áirítear le láithreán gréasáin na Roinne mír na Gaeilge agus taispeántar an nasc leis seo in áit fheiceálach ar an leathanach baile;
- Tá de chuspóir na Roinne a chinntiú, más mian le duine den phobal tabhairt faoina c(h)uid gnó leis an Roinn trí mheán na Gaeilge ar an nguthán, oifigeach na Roinne a chur ar fáil ag a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge, más féidir, don duine sin.

3.3 Príomhghníomhaíochtaí na Roinne – trí Bhéarla go Príomha

Faoi mar a dtugtar cuntas air i gCaibidil 2, tá custaiméirí agus páirtithe leasmhara na Roinne iomadúil agus éagsúil agus is i mBéarla den chuid is mó, a roghnaíonn siad cumarsáid a dhéanamh leis an Roinn. Dá réir, soláthraíonn an Roinn a seirbhísí go príomha trí mheán an Bhéarla. Nuair a chuirtear san áireamh a freagrachtaí agus a feidhmeanna, ní bhíonn ardleibhéal de theagmháil ag an Roinn le baill aonair an phobail i gcoitinne ná ní sholáthraíonn an Roinn, seachas i roinnt eisceachtaí, scéimeanna agus seirbhísí go díreach do bhaill an phobail. Dá thoradh, ní chuirtear mórchuid den cháipéisíocht a chuireann an Roinn i dtoll a chéile ar bhonn leanúnach i dtoll a chéile mar sheirbhís don phobal i gcoitinne nó d'aicmí an phobail i gcoitinne nó mar mheán cumarsáide leis an bpobal i gcoitinne maidir le haon chinn de na seirbhísí siúd. Sa chomhthéacs seo, leanfaidh go leor cáipéisí a eiseoidh an Roinn bheith ar fáil i mBéarla amháin. I measc na gcáipéisí seo, tá cáipéisí de chineál speisialaithe nó teicniúil a chuireann an Roinn i dtoll a chéile nach bhfuil dírithe ar an bpobal i gcoitinne, ar nós cáipéisí a bhaineann le hlarratais ar Thairiscintí, ciorcláin a eisítear d'Oifigí agus do Ghníomhaireachtaí na Roinne, lámhleabhair threorach inmheánacha, treoracha oibriúcháin, etc.

4.1 Réamhrá

Tá an Roinn tiomanta do chur leis na leibhéil reatha eolais agus inniúlachta maidir leis na scileanna Gaeilge atá ar fáil faoi láthair laistigh den Roinn. Chun feabhas a chur ar shocruithe monatóireachta, tá Coiste tras-Roinne á bhunú. Casfaidh an Coiste seo, a mbeidh oifigeach sinsearach sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí AE ina chathaoirleach air, ag eatraimh rialta i gcaitheamh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú Scéim Gaeilge na Roinne. Déanfaidh sé tuairisciú d'Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí na Roinne, ar a laghad uair sa bhliain, ar oibriú éifeachtach na Scéime. Bunaithe ar shuirbhéanna a rinneadh roimhe seo, ar fhardal éilimh fhoireann na Roinne ar sheirbhísí Gaeilge ó chustaiméirí, agus, ar amais láithreán gréasáin chun rochtain a fháil ar an leagan Gaeilge de cháipéisí, sa chás go bhfuil leaganacha Gaeilge agus Béarla díobh ar fáil, áfach, tá an t-éileamh ar sheirbhísí as Gaeilge i measc chustaiméirí na Roinne thar a bheith íseal.

Tá an Roinn airdeallach air, i gcomhréir le Clár an Rialtais agus an Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014-2016, go bhfuil clár mór athchóirithe ar bun agus go gcruthaíonn an clár seo deiseanna lena fhiosrú conas is féidir breis feabhais a chur ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Ceist a bhaineann le hábhar is ea an ollmhéid litríochta maidir le caidreamh tionsclaíoch agus cearta agus dualgais faoi reachtaíocht fostaíochta agus chomhionannais na hÉireann atá ar fáil ar an láithreán gréasáin um chaidreamh oibreachais www.workplacerelations.ie. Forbraíodh an láithreán gréasáin seo go dtiocfaidh sé in ionad láithreáin ghréasáin na gcúig Chomhlacht um Chaidreamh Oibreachais (an tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an Binse Achomhairc Fostaíochta, an Chúirt Oibreachais agus an Binse Comhionannais) agus, ar aon dul leis na gealltanais faoi Chlár um Athchóiriú an Rialtais, soláthraíonn sé, den chéad uair, foinse shingil údarásach faisnéise ar chearta fostaíochta agus chaidreamh tionsclaíoch agus seirbhísí gaolmhara. Beidh an litríocht seo go léir le hathbhreithniú, le nuashonrú agus le hathbhrandáil i gcomhthéacs bhunú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais. Cuirfear tús leis an Acht um Chaidreamh Oibreachais an 1 Deireadh Fómhair 2015. Tá obair á cur chun cinn ar ábhar an láithreáin ghréasáin agus an cháipéisíocht a nuashonrú chun an struchtúr nua a léiriú a d'éascair as an athrú reachtaíochta seo agus críochnófar an obair seo faoin dáta sin. Nuair a bheidh an litríocht athbhreithnithe agus athbhrandáilte, cuirfear 40% de ar fáil i nGaeilge.

Ag féachaint d'fheabhas a chur ar an leibhéal agus ar chaighdeán a seirbhísí a sholáthraítear go dátheangach don phobal, cuirfidh an Roinn na bearta ginearálta agus sonracha a leanas i bhfeidhm i gcaitheamh shaolré na scéime seo, agus an aird chuí a thabhairt ar acmhainní agus ar tionchar earcaíocht/toirmisc foirne agus tionscnaimh eile a dhéanfaidh athrú suntasach ar ár bpríomhghníomhaíochtaí.

4.2 Plean na Roinne chun Feabhas a chur ar Sheirbhísí Gaeilge

Meáin Chumarsáide leis an bPobal	Gealltanais	Líne Ama Faoi dheireadh Bhliain 1/Bhliain 2/Bhliain 3
<u>Cumarsáid ó Bhéal</u> Fáiltiú Lasc-Chlár Cumarsáid ar an nguthán leis an bpobal	Beidh sé ar chumas na foirne fáiltithe ainm na Roinne a thabhairt i nGaeilge; Beidh cur amach, ar a laghad, ag an bhfoireann fáiltithe ar na bunbheannachtaí i nGaeilge; Tá socruithe i bhfeidhm ionas gur féidir leis an bhfoireann Fáiltithe muintir an phobail a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifigeach/na hoifigigh ábhartha atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil trí Ghaeilge, sa chás go bhfuil fáil orthu. Beidh sé ar chumas fhoireann an Lasc-chláir ainm na Roinne a thabhairt i nGaeilge; Tá cur amach, ar a laghad, ag foireann an Lasc-chláir ar na bunbheannachtaí i nGaeilge; Tá socruithe i bhfeidhm ionas gur féidir le foireann an Lasc-Chláir muintir an phobail a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifigeach/na hoifigigh ábhartha atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil trí Ghaeilge, sa chás go bhfuil fáil orthu. Is faoi chomhaltaí foirne aonair a bheidh sé chun fógraí glórphoist ghutháin a fhágáil ina rogha teanga(cha) agus spreagfar iad chun úsáid a bhaint as an nGaeilge nuair a bhíonn na glórphoist siúd á bhfágáil nuair atá seo indéanta.	Ar bun go fóill Faoi dheireadh Bhliain 1 Ar bun go fóill Ar bun go fóill Faoi dheireadh Bhliain 1 Ar bun go fóill Ar bun go fóill

Fógraí Taifeadta ó Bhéal	Beidh na fógraí taifeadta a leanas i nGaeilge nó dátheangach: (a) Fógraí taifeadta ó bhéal a tharchuirtear ar an nguthán atá in ainm is bheith cloiste nuair atá oifigí na Roinne dúnta; (b) fógraí a chruthaítear agus a tharchuirtear trí sheirbhís ríomhairithe teachtaireachtaí nó trí sheirbhís ríomhairithe freagartha gutháin.	Ar bun go fóill Ar bun go fóill
<u>Cumarsáid Scríofa</u> Litreacha agus Ríomhphoist Páipéarachas	Tabharfar freagra ar chumarsáid scríofa sa teanga ina bhfuarthas í. Soláthraítear teidil pháipéarachais, páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs agus cumhdaigh chomhaid, ina measc, i nGaeilge nó go dátheangach.	Ar bun go fóill Ar bun go fóill
Comharthaíocht	Tá an chomharthaíocht go léir a sholáthraíonn an Roinn nó a sholáthraítear thar ceann na Roinne i nGaeilge nó go dátheangach, i gcomhréir leis na rialacháin (I.R. Uimh. 391/2008)	Faoi dheireadh Bhliain 1
<u>Foilseacháin</u> Foilseacháin Bileoga Faisnéise Leabhráin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. Mar ullmhú do bhunú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2015, tá athbhreithniú, nuashonrú agus athbhrandáil á ndéanamh ar an litríocht go léir maidir le caidreamh oibreachais agus cearta agus dualgais faoi reachtaíocht fostaíochta agus	Ar bun go fóill Faoi dheireadh Bhliain 1

Foirmeacha	chomhionannais na hÉireann, atá ar fáil faoi láthair ar an láithreán gréasáin um Chaidreamh Oibreachais, www.workplacerelations.ie. Nuair a bheidh an litríocht athbhreithnithe agus athbhrandáilte, cuirfear 40% de ar fáil i nGaeilge. Tá an Fhoirm Ghearáin leictreonach ar líne um Chaidreamh Oibreachais reatha ar fáil i mBéarla amháin. Tá fáil ar leagan Gaeilge de láimh. Tá dearadh na bhFoirmeacha Achomhairc agus Forfheidhmithe Lá Iardhílsithe á chur chun cinn faoi láthair againn. Tá sé beartaithe againn go mbeidh leaganacha de láimh de na foirmeacha seo ar fáil faoin Lá Dílsithe, an 1 Deireadh Fómhair 2015.	Faoi dheireadh Bhliain 1
<u>Na meáin</u> Preaseisiúintí	Foilseoidh an Oifig Preasa ar a laghad dhá phreaseisiúint déag sa bhliain i bhformáid dhátheangach. Bainfidh na preaseisiúintí dátheangacha le saincheisteanna nó forbairtí lena mbaineann tábhacht náisiúnta/idirnáisiúnta, agus/nó rachaidh siad i ngleic le téamaí is díol spéise ginearálta i measc lucht leanúna náisiúnta. Féadfaidh siad baint le fógraí suntasacha beartais ag Airí maidir le príomhghnéithe a bpunann; Anuas air sin, eiseofar aon phreaseisiúint maidir le saincheisteanna Gaeilge go dátheangach; Cuirfear litreacha, glaonna gutháin, iarratais, etc. a fhaightear i nGaeilge i dtaifead chun monatóireacht a dhéanamh ar éileamh a éascú; Cuirfear oiliúint bhunúsach ar fáil don fhoireann san Oifig Preasa i gcomhrá bunúsach agus i scileanna bunúsacha scríbhneoireachta sa Ghaeilge a bhaineann lena gcuid oibre i gcaitheamh na Scéime mar iarracht chun feabhas a chur ar a leibhéal	Faoi dheireadh Bhliain 1 Ar bun go fóill Ar bun go fóill Faoi dheireadh Bhliain 1

Óráidí	líofachta. Leanfar le hóráidí agus ráitis a dhéanann an tAire, an tAire/na hAirí Stáit agus Oifigigh Shinsearacha na Roinne a chur ar fáil sa teanga/sna teangacha ina soláthraítear iad, bíodh an Ghaeilge nó an Béarla i gceist.	Ar bun go fóill
<u>Teicneolaíocht Faisnéise</u> Ríomhphost Láithreáin Ghréasáin	Tá na buntásca slándála ar gach ríomhphost a eisíonn an Roinn i nGaeilge agus i mBéarla araon; Foilseofar seoladh ríomhphoist tiomanta ar ár láithreán gréasáin, www.gaeilge@djei.ie, le haghaidh ceisteanna i nGaeilge. Beidh ábhar Gaeilge ar aon láithreán gréasáin nó láithreáin ghréasáin nua a thugann an Roinn isteach ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne i gcaitheamh na scéime. I measc na ngealltanais sonracha ina bhfuilimid ag iontráil, tá an méid a leanas: - Tá tionscadal ar bun faoi láthair chun láithreán gréasáin úrnua a fhorbairt don Roinn agus tá sé á chur chun cinn ar an mbonn go mbeidh an t-ábhar statach ar an leathanach baile a dhéanann cur síos ar struchtúr na Roinne, a limistéir bheartais agus obair a Gníomhaireachtaí ar fáil i nGaeilge. - Mar ullmhúchán do bhunú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais an 1 Deireadh Fómhair 2015, beidh athbhreithniú, nuashonrú agus athbhrandáil le déanamh ar an téacs go léir ar an láithreán	Ar bun go fóill Faoi dheireadh Bhliain 1 Faoi dheireadh Bhliain 1 Faoi dheireadh Bhliain 1

Seirbhísí Idirghníomhacha	gréasáin um Chaidreamh Oibreachais leis na struchtúir nua a léiriú. Mar chuid den chleachtadh seo, cuirfear an t-ábhar statach ar an leathanach baile agus ar na príomhleathanaigh shonraithe ar fáil i nGaeilge. I gcomhthéacs an éilimh ó chustaiméirí ar sheirbhís ar leith agus aird ar chineál na seirbhíse atá á soláthar, beidh sé mar chuspóir againn a chinntiú go gcuirfear aon seirbhísí idirghníomhacha nua, a chuireann ar chumas an phobail i gcoitinne iarratais a dhéanamh ar líne, ar fáil ar bhonn dátheangach.	Ar bun go fóill
---	---	-------------------------------

4.3 Poist Shannta Ghaeilge

Agus aird ar bheartas an Rialtais chun seirbhísí feabhsaithe as Gaeilge a sholáthar, sainaithneoidh an Roinn, faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim, aon phoist a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas buntábhachtach. Déanfar gach iarracht leis na riachtanais seo a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime seo agus aird ar bheartais earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna, de réir mar is cuí. Cuirfidh seo ar chumas na Roinne chun feabhsú na seirbhísí i nGaeilge de réir a chéile a phleanála agus tús áite a thabhairt dó ar bhealach níos straitéisí.

Caibidil 5 Feabhas a chur ar Chumas Teanga

5.1 Earcaíocht

Cuirfear oiliúint ionductúcháin ar fáil don fhoireann nua go léir. Áireofar leis an gclár oiliúna díriú ar Scéim Teanga na Roinne lena chinntiú go gcuirtear gach iontrálaí nua chuig an Roinn ar an eolas ar ár ngealltanais faoin Scéim.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá an Roinn tiomanta do chúrsaí oiliúna Gaeilge a chur ar fáil don fhoireann. Faoi réir srianta buiséadta, cuirfear an oiliúint chuí chreidiúnaithe ar fáil don fhoireann ar mian leo feabhas a chur ar a scileanna Gaeilge agus a chomhaontaíonn chun na scileanna seo a chur ar fáil don Roinn lena cur ar a cumas freastal ar a riachtanais ghnó trí Ghaeilge;

Caibidil 6 Monatóireacht agus Athbhreithniú

6.1 Feabhas a chur ar Shocruithe Monatóireachta

Tabharfaidh bainisteoirí líne, go príomha, faoin bhfeidhm mhonatóireachta laethúla i ngach ceann de Rannóga líne na Roinne agus beidh siad freagrach as an scéim a chur i bhfeidhm, sa chás gur cuí, laistigh dá limistéir féin. Chun tacú le bainisteoirí líne ina leith seo agus chun feabhas a chur ar shocruithe reatha monatóireachta na Roinne, bunófar Coiste tras-Roinne, a dhéanfaidh ionadaíocht do gach Rannóg den Roinn, an tAonad Foghlama agus Forbartha agus an Oifig Preasa san áireamh. Beidh oifigeach sinsearach sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí AE ina chathaoirleach ar an gCoiste seo.

Casfaidh an Coiste ag eatraimh rialta i gcaitheamh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú Scéim Gaeilge na Roinne. Déanfaidh sé tuairisciú d'Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí na Roinne, ar a laghad uair amháin sa bhliain, ar oibriú éifeachtach na Scéime seo. Anuas air sin, tabharfaidh bunú an Choiste seo an deis do chomhaltaí chun faisnéis a thabhairt don Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí ar aon dúshlán a eascraíonn maidir le cur i bhfeidhm na Scéime agus chun na tograí cuí a chur le chéile chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Léireofar ábhair thuarascálacha um dhul chun cinn an Choiste i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne, faoi mar is cuí.

Caibidil 7 Poibliú a dhéanamh ar an Scéim Chomhaontaithe

Poibleofar an scéim go hinmheánach agus go seachtrach araon, lena n-áirítear trí phreaseisiúint, a eiseofar i nGaeilge agus i mBéarla. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus scaipfear í ar ár bhfoireann go léir agus ar na gníomhaireachtaí cuí. Ina theannta sin, féadtar bealaí eile chun an scéim a phoibliú a úsáid.

Sa bhreis air sin, glacfaimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chur chun cinn agus a phoibliú a chuirimid ar fáil i nGaeilge trí na bealaí a leanas:

- Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach go bhfuil sé de rogha acu tabhairt faoi ghnó linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a thaispeáint ag limistéir fáiltithe a thugann le fios na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- Na seirbhísí seo a liostáil go feiceálach ar an leagan Gaeilge dár láithreán gréasáin;
- A thabhairt le fios ar threoirínte, bileoga agus foirmeacha iarratais áirithe go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge chomh maith, mura gcuirtear ar fáil iad i leagan dátheangach;
- A chomhionann de shuntas a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den Scéim seo a faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Teanga chomh maith.

Is é leagan Béarla na scéime seo an leagan oifigiúil.